Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

12884/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0277 (NLE)

POLCOM 240
SERVICES 60
FDI 52
COLAC 148

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a ghlacadh<br>- Glacadh |

1. An 15 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (12883/25 + ADD 1).

2. An 9 Deireadh Fómhair 2025, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an togra ón gCoimisiún agus d'fhormhuinigh sé é.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 12885/25 + ADD 1 é, a ghlacadh;

– a chinneadh go n-ordófar an Cinneadh ó Chomhairle Trádála an Aontais – na Sile, mar a leagtar amach in 12885/25 ADD 1 é, a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, a luaithe a ghlacfar é; agus

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.